



DÁIL ÉIREANN

Déardaoin, 19 Samhain, 2009
Thursday, 19th November, 2009

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

Déardaoin, 19 Samhain, 2009
Thursday, 19th November, 2009

10.30 a.m.

ORD GNÓ
ORDER OF BUSINESS

12. Tairiscint *maidir le* Ráiteas faoi Mheastacháin do Choimisiún Thithe an Oireachtais.
Motion *re* Statement of Estimates for the Houses of the Oireachtas Commission.
13. Tairiscint *maidir le* Ráiteas Forlíontach Caiteachais do Thithe an Oireachtais.
Motion *re* Supplementary Statement of Expenditure for Houses of the Oireachtas.
- 13a. Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le Cinneadh ón gComhairle a bhaineann le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach i ndáil le nithe coiriúla a tharchur chuig Comhchoiste agus le Cinneadh ón gComhairle a bhaineann le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le Sonraí Teachtaireachtaí Airgeadais a phróiseáil agus a aistriú ón Aontas Eorpach chuig na Stáit Aontaithe chun críocha an Chláir chun Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Rianú a tharchur chuig Comhchoiste.
Motion *re* Referral to Joint Committee of proposed approval by Dáil Éireann for a Council Decision concerning the signing of the Agreement between the European Union and Japan on mutual legal assistance in criminal matters and a Council Decision concerning the signing of the Agreement between the European Union and the United States of America on the processing and transfer of Financial Messaging Data from the European Union to the United States for purposes of the Terrorist Finance Tracking Programme.
29. An Bille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2009 — Ordú don Tuarascáil.
Statute Law Revision Bill 2009 — Order for Report.
5. An Bille um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2009 — Ordú don Dara Céim.
Criminal Justice (Money Laundering and Terrorist Financing) Bill 2009 — Order for Second Stage.

FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA
NOTICE OF NEW BUSINESS

- 27a. Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le Cinneadh ón gComhairle a bhaineann le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach i ndáil le nithe coiriúla.
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann for a Council Decision concerning the

signing of the Agreement between the European Union and Japan on mutual legal assistance in criminal matters.

- 27b.** Tairiscint *maidir le* Ceadú Beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le Cinneadh ón gComhairle a bhaineann le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le Sonraí Teachtairreachtaí Airgeadais a phróiseáil agus a aistriú ón Aontas Eorpach chuig na Stáit Aontaithe chun críocha an Chláir chun Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Rianú.

Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann for a Council Decision concerning the signing of the Agreement between the European Union and the United States of America on the processing and transfer of Financial Messaging Data from the European Union to the United States for purposes of the Terrorist Finance Tracking Programme.

- 27c.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le haontachas na hÉireann le téarmaí an Chomhaontaithe le haghaidh comhair le linn dul i ngleic le Truailliú na Mara Thuaidh le hOla agus le Substaintí Dochracha eile.

Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the accession by Ireland to the terms of the Agreement for co-operation in dealing with Pollution of the North Sea by Oil and other Harmful Substances.

I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

Billí a thionscnamh : Initiation of Bills

Tiollactha:
Presented:

5. An Bille um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2009 — Ordú don Dara Céim.
Criminal Justice (Money Laundering and Terrorist Financing) Bill 2009 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú maidir le cionta arb éard iad sciúradh airgid sa Stát agus lasmuigh de, agus maidir le cionta a bhaineann leis an gcéanna; do thabhairt éifeacht do Threoir 2005/60/CE an 26 Deireadh Fómhair 2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun airgead a sciúradh agus sceimhlitheoireacht a mhaoiniú; do dhéanamh socrú maidir le clárú daoine a stiúran clubanna comhaltaí príobháideacha; do dhéanamh socrú chun Acht an Bhainc Cheannais 1942 agus Acht na gCúirteanna (Forálacha Ilghnéitheacha) 1961 a leasú; do dhéanamh socrú maidir le haisghairm iarmhartach forálacha áirithe den Acht um Cheartas Coiriúil 1994, le leasú iarmhartach achtachán áirithe agus le cúlghairm ionstraimí reachtúla áirithe; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to provide for offences of, and related to, money laundering in and outside the State; to give effect to Directive 2005/60/EC of the European Parliament and of the Council of 26 October 2005 on the prevention of the use of the financial system for the purpose of money laundering and terrorist financing; to provide for the registration of persons directing private members' clubs; to provide for the amendment of the Central Bank Act 1942 and the Courts (Supplemental Provisions) Act 1961; to provide for the consequential repeal of certain provisions of the Criminal Justice Act 1994, the consequential amendment of certain enactments and the revocation of certain statutory instruments; and to provide for related matters.

—An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Fógraí Tairisceana : Notices of Motions

12. “Go dtugann Dáil Éireann dá haire an Ráiteas faoi Mheastacháin ar airgead a mbeidh gá leis i leith caiteachais leanúnaigh don tréimhse dar tosach an 1 Eanáir, 2010 agus dar críoch an 31 Nollaig, 2010, arna ullmhú agus arna fhoilsiú ag Coimisiún Thithe an Oireachtais de réir alt 13 den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003 arna leasú le halt 8 den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2006, agus a leagadh faoi bhráid dhá Theach an

That Dáil Éireann take note of the Statement of Estimates of moneys required in respect of ongoing expenditure for the period beginning on 1st January, 2010 and ending on 31st December, 2010, prepared and published by the Houses of the Oireachtas Commission in accordance with section 13 of the Houses of the Oireachtas Commission Act 2003 as amended by section 8 of the Houses of the Oireachtas Commission (Amendment) Act 2006, which was laid before both Houses of

Oireachtais an 12 Samhain, 2009.

the Oireachtas on 12th November, 2009.”

—*Micheál Ó Maolchatha, Comhalta de Choimisiún Thithe an Oireachtais.*

13. “Go dtugann Dáil Éireann dá haire an tsuim fhorlíontach nach mó ná €997,000 a mbeidh gá ag Coimisiún Thithe an Oireachtais léi chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig, 2009, le haghaidh deontais-i-gcabhair.

That Dáil Éireann take note of the supplementary sum not exceeding €997,000 required by the Houses of the Oireachtas Commission to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on 31st December, 2009, for a grant-in-aid.”

—*Micheál Ó Maolchatha, Comhalta de Choimisiún Thithe an Oireachtais.*

13a. “Go ndéanfar an togra go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha arna gcur ar fáil le hAirteagal 1.11 de Chonradh Amstardam a bheith páirteach i nglacadh na mbeart beartaithe seo a leanas:

That the proposal that Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion provided by Article 1.11 of the Treaty of Amsterdam to take part in the adoption of the following proposed measures:

(i) togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle a bhaineann le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach i ndáil le nithe coiriúla, ar beart beartaithe é ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 12 Samhain, 2009, agus

(i) a proposal for a Council Decision concerning the signing of the Agreement between the European Union and Japan on mutual legal assistance in criminal matters, a copy of which proposed measure was laid before Dáil Éireann on 12th November, 2009, and

(ii) togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle a bhaineann le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le Sonraí Teachtaireachtaí Airgeadais a phróiseáil agus a aistriú ón Aontas Eorpach chuig na Stáit Aontaithe chun críocha an Chláir chun Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Rianú, ar beart beartaithe é ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 17 Samhain, 2009,

(ii) a proposal for a Council Decision concerning the signing of the Agreement between the European Union and the United States of America on the processing and transfer of Financial Messaging Data from the European Union to the United States for purposes of the Terrorist Finance Tracking Programme, a copy of which proposed measure was laid before Dáil Éireann on 17th November, 2009,

a tharchur chuig an gComhchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan de réir mhír (2) d’Orduithe Tagartha an Choiste sin, agus déanfaidh an Coiste sin, tráth nach déanaí ná an 26 Samhain, 2009, teachtaireacht a chur chuig an Dáil ar an modh a fhorordaítear i mBuan-Ordú 87, agus go mbeidh feidhm ag Buan-Ordú 86(2) dá réir sin.

be referred to the Joint Committee on Justice, Equality, Defence and Women’s Rights in accordance with paragraph (2) of the Orders of Reference of that Committee, which, not later than 26th November, 2009, shall send a message to the Dáil in the manner prescribed in Standing Order 87, and Standing Order 86(2) shall accordingly apply.”

—*Pádraig Ó Ciardha, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

27a. “Go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha arna gcur ar fáil le hAirteagal 1.11 de Chonradh Amstardam a bheith páirteach i nglacadh an bhirt bheartaithe seo a leanas:

togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle a bhaineann le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach i ndáil le nithe coiriúla,

ar beart beartaithe é ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 12 Samhain, 2009.

That Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion provided by Article 1.11 of the Treaty of Amsterdam to take part in the adoption the following proposed measure:

a proposal for a Council Decision concerning the signing of the Agreement between the European Union and Japan on mutual legal assistance in criminal matters,

a copy of which proposed measure was laid before Dáil Éireann on 12th November, 2009.”

—*An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*

27b. “Go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha arna gcur ar fáil le hAirteagal 1.11 de Chonradh Amstardam a bheith páirteach i nglacadh an bhirt bheartaithe seo a leanas:

togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle a bhaineann le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le Sonraí Teachtaireachtaí Airgeadais a phróiseáil agus a aistriú ón Aontas Eorpach chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá chun críocha an Chláir chun Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Rianú,

ar beart beartaithe é ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 17 Samhain, 2009.

That Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion provided by Article 1.11 of the Treaty of Amsterdam to take part in the adoption of the following proposed measure:

a proposal for a Council Decision concerning the signing of the Agreement between the European Union and the United States of America on the processing and transfer of Financial Messaging Data from the European Union to the United States for purposes of the Terrorist Finance Tracking Programme,

a copy of which proposed measure was laid before Dáil Éireann on 17th November, 2009.”

—*An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*

27c. “Go gceadaíonn Dáil Éireann aontachas na hÉireann le téarmaí an Chomhaontaithe le haghaidh comhair le linn dul i ngleic le Truailliú na Mara Thuaidh le hOla agus le Substaintí Dochracha eile, arna leasú le Cinneadh an 21 Meán Fómhair 2001 ó na

That Dáil Éireann approves the accession by Ireland to the terms of the Agreement for co-operation in dealing with Pollution of the North Sea by Oil and other Harmful Substances, as amended by the Decision of 21 September 2001 by the Contracting Parties

Páirtithe Conarthacha chun Aontachas na hÉireann leis an gComhaontú (Comhaontú Bonn) a chumasú ar comhaontú é a leagadh faoi bhráid Dháil Éireann an 18 Samhain, 2009.

to enable the Accession of Ireland to the Agreement (the Bonn Agreement), copies of which were laid before Dáil Éireann on 18th November, 2009.”

—*An tAire Iompair.*

ORDUITHE AN LAE ORDERS OF THE DAY

29. An Bille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2009 — Ordú don Tuarascáil.
Statute Law Revision Bill 2009 — Order for Report.

TEACHTAIREACHTAÍ ÓN RIALTAS MESSAGES FROM THE GOVERNMENT

An Bille um Rialáil Iompair Phoiblí 2009.
Public Transport Regulation Bill 2009.

For the purpose of Article 17.2 of the Constitution, the Government recommend that it is expedient to authorise such payments out of moneys provided by the Oireachtas as are necessary to give effect to any Act of the present session to provide for the licensing of public bus passenger services, to change the name of the Dublin Transport Authority to the National Transport Authority, to provide for the dissolution of the Commission for Taxi Regulation, to amend the Taxi Regulation Act 2003, the Dublin Transport Authority Act 2008 and certain other enactments and to provide for related matters.

Given on this 18th day of November, 2009

(Signed) Brian Cowen,
An Taoiseach.

MEMORANDA

Déardaoin, 19 Samhain, 2009
Thursday, 19th November, 2009

An Bille um Rialáil Iompair Phoiblí 2009: Public Transport Regulation Bill 2009:

Cruinniú den Roghchoiste um Iompar i Seomra Coiste 4, TL2000, ar 9.30 a.m.
Meeting of the Select Committee on Transport in Committee Room 4, LH2000, at 9.30 a.m.

Cruinniú den Chomhchoiste um Oideachas agus Eolaíocht i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 10 a.m.
Meeting of the Joint Committee on Education and Science in Committee Room 2, LH2000, at 10 a.m.

Cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí i Seomra Coiste 1, TL2000, ar 10 a.m.
Meeting of the Committee of Public Accounts in Committee Room 1, LH2000, at 10 a.m.

Cruinniú den Chomhchoiste um Fhorfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 11.30 a.m.

Meeting of the Joint Committee on the Implementation of the Good Friday Agreement in Committee Room 3, LH2000, at 11.30 a.m.

Cruinniú den Chomhchoiste um Thalmhaíocht, Iascach agus Bia i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 12.30 p.m.

Meeting of the Joint Committee on Agriculture, Fisheries and Food in Committee Room 2, LH2000, at 12.30 p.m.

Cruinniú den Chomhchoiste um Iompar i Seomra Coiste 4, TL2000, ar 2.30 p.m.

Meeting of the Joint Committee on Transport in Committee Room 4, LH2000, at 2.30 p.m.

SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL

Reachtúil:

Statutory:

1) An Coiste Gairmoideachais: Cathair na Gaillimhe – Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2008.

1) Vocational Education Committee: City of Galway - Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2008.

2) An Coiste Gairmoideachais: Contae Ros Comáin - Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2008.

2) Vocational Education Committee: County Roscommon - Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2008.

3) An Coiste Gairmoideachais: Contae an Longfoirt - Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2008.

3) Vocational Education Committee: County Longford - Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2008.

4) An Coiste Gairmoideachais: Cathair Phort Láirge. Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2008.

4) Vocational Education Committee: City of Waterford. Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2008.

5) An Coiste Gairmoideachais: Contae Chorcaí - Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2007.

5) Vocational Education Committee: County Cork - Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2007.

6) An Coiste Gairmoideachais: Contae Lú - Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2006.

6) Vocational Education Committee: County Louth - Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2006.

7) An Coiste Gairmoideachais: Contae Phort Láirge - Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2008.

7) Vocational Education Committee: County of Waterford - Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2008.

8) Ard-Mhúsaem na hÉireann. Tuarascáil Bhliantúil, 2008, mar aon leis an Tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

9) Comhaontú le haghaidh comhair le linn dul i ngleic le truailliú na Mara Thuaidh le hola agus le substaintí dochracha eile, 1983, arna leasú le Cinneadh an 21 Meán Fómhair, 2001, ó na Páirtithe Conarthacha chun Aontachas na hÉireann leis an gComhaontú (Comhaontú Bonn) a chumasú.

Neamhreachtúil:

1) Dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir le Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh is Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le Sonraí Teachtaireachtaí Airgeadais a phróiseáil agus a aistriú ón Aontas Eorpach chuig na Stáit Aontaithe chun críocha an Chláir chun Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Rianú (Comhaontú “SWIFT”). Doiciméad 15671/09 ón gComhairle.

2) Tithe an Oireachtais. An Roghchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan. Tuarascáil ar Thairiscint maidir le Ceadú beartaithe i ndáil le téarmaí an Chomhaontaithe idir Rialtas Réigiún Riaracháin Speisialta Hong Cong Dhaonphoblacht na Síne agus Rialtas na hÉireann maidir le Cúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach i ndáil le Níthe Coiriúla. Samhain, 2009.

8) National Museum of Ireland. Annual Report, 2008 together with the Report of the Comptroller and Auditor General.

9) Agreement for cooperation in dealing with pollution of the North Sea by oil and other harmful substances, 1983, as amended by the Decision of 21 September, 2001 by the Contracting Parties to enable the Accession of Ireland to the Agreement (The Bonn Agreement).

Non-Statutory:

1) Draft Council Decision on the signing, on behalf of the European Union, of an Agreement between the European Union and the United States of America on the processing and transfer of Financial Messaging Data from the European Union to the United States for purposes of the Terrorist Finance Tracking Programme (“SWIFT” Agreement). Council Document 15671/09.

2) Houses of the Oireachtas. Select Committee on Justice, Equality, Defence and Women’s Rights. Report on Motion re. Proposed approval of the terms of the Agreement between the Government of Hong Kong Special Administrative Region of the People’s Republic of China and the Government of Ireland concerning Mutual Legal Assistance in Criminal Matters. November, 2009.